



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

An Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide
(+)

Ní raibh na gnóthachtálacha inchurtha leis na huaimhianta

Clár

| | |
|---|----|
| I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL | 2 |
| II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE | 3 |
| 1. Tionchar foriomlán thionscnamh GCCA(+) | 3 |
| 2. Fócas chumhdach geografach thionscadal GCCA(+) | 5 |
| 3. Infheictheacht thionscnamh GCCA(+) | 6 |
| III. FREAGRAÍ ÓN COIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE | 9 |
| 1. Moladh 1: Fócas orthu siúd is mó dá ndéanann an t-athrú aeráide difear | 9 |
| 2. Moladh 2: Ceachtanna a foghlaimíodh a ionchorprú i dtionscnaimh forbartha dhomhanda a bheidh ann amach anseo | 10 |

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an Tuarascáil Speisialta seo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Tá an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide+ (GCCA(+)) ina thionscnamh suaitheanta de chuid an Aontais Eorpaigh arb é is aidhm dó cuidiú leis na tíortha is leochailí chun dul i ngleic le hiarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide.

Maidir le glacadh Chomhaontú Pháras ag an 21^ú Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC COP) in 2015, bhí sé ríthábhachtach ó thaobh ról thionscnamh GCCA(+) a threisiú mar ionstraim chun tacú le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta an Comhaontú a chur chun feidhme.

Ó thaobh **tionchar foriomlán** thionscnamh GCCA(+) a léiriú, cé gur léirigh na meastóireachtaí gur rannchuidigh tionscadail aonair go dearfach leis an ngníomhú ar son na haeráide, níor mhór, maidir lena n-éifeacht deiridh ar chumas na dtíortha tairbhíocha an athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú, iad a mheas in éineacht le hidirghabhálacha eile arna gcistiú ag an Aontas agus idirghabhálacha deontóirí eile, lena n-áirítear ó Bhallstáit an Aontais.

Ó taobh **cumhdach tíreolaíoch** de, tar éis Comhaontú Pháras a ghlacadh, leathnaigh GCCA(+) a raon gníomhaíochta agus cineálacha a thíortha spriocdhírithé chuig gníomhaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe araon i dtíortha leochaileacha chun an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin athléimneach ó thaobh aeráide de a éascú. Ós a choinne sin, ní mór a chuimhneamh air nárbh é GCCA(+) an t-aon fhoinse maoinithe atá dírithe ar thíortha is lú forbairt (LCDanna) agus ar stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS) atá rí-leochaileach i leith thionchair an athraithe aeráide. Le linn shaolré thionscnamh GCCA(+) cuireadh chun feidhme idirghabhálacha eile arna gcistiú ag an Aontas agus idirghabhálacha deontóirí eile a bhaineann leis an aeráid. I bhfianaise na méideanna teoranta atá ina sainghné de na cistí atá ar fáil do GCCA(+), b'éigean roghanna a dhéanamh ó thaobh na dtíortha a raibh spriocdhíríú le déanamh orthu. Sa chomhthéacs sin, bhí ról ag éagobhsaíocht pholaitiúil agus institiúideach i roinnt tíortha agus/nó easpa dálaí slándála leordhóthanacha sa réimse, mar aon leis an ngá a bhí le huas-scálú ar na torthaí a baineadh amach le linn na chéad chéime den tionscnamh i roinnt tíortha, maidir le tionscadail a roghnú i dtíortha áirithe *vis-à-vis* tíortha eile.

Maidir le **feiceálacht an tionscnaimh agus feasacht air**, tarraingíonn an Coimisiún aird ar na bealaí iomadúla cumarsáide a úsáideann an tionscnamh chun a chuid gníomhaíochtaí a fhógairt (foilseacháin, postálacha *Capacity4Dev*, suíomhanna gréasáin, cainéil *YouTube*, gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfóiraim éagsúla réigiúnacha agus idirnáisiúnta, etc.). Ag éirí as nádúr díláraithe an tionscnaimh, luíonn sé le réasún go mbeadh, i dteannta roinnt tionscnamh faoi stiúir Cheanncheathrú an Choimisiúin, roinnt tionscnamh eile a reáchtáil ar an leibhéal áitiúil, rud a fhágann gur dócha go ndearnadh ganmheas ar an bhfor-rochtain fhoriomlán dá bharr.

Le linn Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, déantar comhar idirnáisiúnta AE a chistiú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda (NDICI-GE). Leanann NDICI-GE cur chuige geografach, ar dá réir a leithdháiltear formhór mór na gcistí trí bhíthin imchlúdaigh chistiúcháin a roinntear ar bhonn tíortha agus réigiún (EUR 68 mbilliún as EUR 79.5 billiún) agus leithdháiltear méid teoranta cistiúcháin ar thionscnaimh théamacha dhomhanda. A mhéid a bhaineann le maoiniú don aeráid, géaraíodh ar uailmhian aeráide an Aontais sa CAI reatha agus sciar 30 % de cistiú NDICI-GE beartaithe chun rannchuidiú le gníomhú ar son na haeráide i gcomparáid le sciar 20 % sa CAI a bhí ann roimhe sin. Ina theannta sin, tar éis gealltanais nua ó Uachtarán von der Leyen ina hAitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh (SOTEU), cuireadh EUR 4 bhilliún eile leis an sprioc, rud a fhágann go seasann an ranníocaíocht iomlán aeráide ar leibhéal 35 %.

Sa chomhthéacs sin, níor leor imchlúdach téamach ‘na nDúshlán Domhanda’ de chuid NDICI-GE chun a bheith in ann leanúint de thionscnamh GCGC(+) trí 2021-2027. Mar thoradh air sin, tá formhór mór na gclár maidir le gníomhú ar son na haeráide comhtháite anois sna Cláir Ilbhliantúla Tháscacha (MIPanna). Tá gach imchlúdach náisiúnta agus réigiúnach curtha in oiriúint do riachtanais agus do thosaíochtaí straitéiseacha AE na tíre/an réigiúin, lena n-áirítear riachtanais agus tosaíochtaí maidir leis an athrú aeráide. Maidir leis na ceachtanna i dtaobh dea-chleachtas a foghlaimíodh ó GCCA+, lena n-áirítear an staidéar caipitlithe ar an oiriúnú ó Shaoráid Tacaíochta GCCA+, beidh siad lárnach maidir le dearadh agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí nua a mbeidh tionchar acu i réimse an athraithe aeráide. Déanfaidh an tSaoráid nua Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna) an tSaoráid Tacaíochta GCCA+ a ghlacadh ar lámh agus, i dteannta saoráidí cúnaimh theicniúil eile atá mar chuid de Mhol Eolais an Chomhaontaithe Ghlais, tacófar le tíortha comhpháirtíochta agus toscaireachtaí an Aontais araon maidir le dearadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas lena ndírítear ar mhaolú, oiriúnú agus laghdú riosca tubaistí.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Tionchar foriomlán thionscnamh GCCA(+)

In 2007 bhunaigh an tAontas an Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide (GCCA) d’fhonn idirphlé a thionscnamh leis na pobail is leochailí maidir le conas is fearr tacú leo ó thaobh oiriúnú i leith iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide. In 2014, chuir GCCA(+) roimhe mar chuspóir freagairt don tírdhreach rialachais nua a bhí ann tar éis 2015 ó thaobh an athraithe aeráide de. Ó shin i leith rinne sé dhá cholún a spriocdhíriú: idirphlé beartas agus tacaíocht theicniúil agus airgeadais chun beartais náisiúnta oiriúnaithe agus maolaithe an athraithe aeráide a chur chun feidhme. Leis an tionscnamh, leanadh de thacaíocht a thabhairt do thíortha leochaileacha, go príomha tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDSanna), trí mhéadú a chur ar a gcuid athléimneachta ó thaobh oiriúnú i leith an athraithe aeráide agus trí chomhthairbhí maolaithe a fheabhsú.¹

Maidir le cumas thionscnamh GCCA(+) a léiriú gur mhéadaigh sé athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta i leith éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide², cuireann an Coimisiún i dtábhacht go léirítear sa litríocht atá ann cheana i réimse an ghníomhaithe aeráide gur mó go mór fada ná leibhéil an mhaoinithe phoiblí idirnáisiúnta a sholáthraíonn tíortha forbartha faoi láthair méid na n-acmhainní airgeadais is gá chun aghaidh a thabhairt i gceart ar riachtanais oiriúnaithe na dtíortha atá i mbéal forbartha³. Áirítear sa bhreithniú sin gur sciar mionlaigh dá bpunann maoinithe aeráide atá sa mhaoiniú oiriúnaithe ó na deontóirí, ar punanna iad atá dírithe go príomha ar an maolú. Go deimhin, maidir le cion an mhaoinithe don oiriúnú arna sholáthar agus arna shlógadh ag tíortha forbartha, ní go dtí 2017 ar aghaidh a tháinig méadú de réir a chéile air, nuair

¹ Maidir le ‘móide’ de chuid GCCA+.

² Féach barúlacha CIE: III, 41, 43, agus 44.

³ Is fiú a lua gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) is mó ar domhan a sholáthraíonn maoiniú idirnáisiúnta poiblí do chúrsaí aeráide. In 2020, ranníoc siad suim is mó ná USD 27 mbilliún, is é sin an tríú cuid den tsuim iomlán USD 83 bhilliún a sholáthair tíortha bronnacha an bhliain sin.

a ardaíodh é ó sciar 22 % go sciar 37 % de na méideanna iomlána in 2020.⁴ Mar chuid den phróiseas sin, tá méid sách cothrom maoinithe á chur ar fáil ag an gCoimisiún do ghníomhaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe. Sa chomhthéacs sin, cé gur rannchuidigh tionscadail aonair GCCA(+) go dearfach leis an ngníomhú ar son na haeráide, ba mhaith leis an gCoimisiún a chur i dtábhacht, maidir lena n-éifeacht deiridh ar chumas na dtíortha tairbhíocha an athléimneacht i leith an athraithe aeráide a mhéadú, nár mhór iad a mheas in éineacht le hidirghabhálacha eile arna gcistiú ag an Aontas agus idirghabhálacha deontóirí eile. Cé nach dócha go bhféadfadh tionscadail GCCA(+) amháin leo féin athruithe a dhéanamh ar fud na tíre ó thaobh an athléimneacht a mhéadú, d'fhéadfadh sé gur imir siad tionchar dearfach ar chuid de na táscairí leochaileachta dá bhfuil innéacs iltoiseach ND-GAIN comhdhéanta (e.g.: toise na rialála cáilíochta). Ina theannta sin, is iomaí sin cúis a bhíonn ann le tír a bheith ag titim siar sa rangú ND-GAIN agus féadfaidh na cúiseanna a bheith inchurtha i leith tosca comhshaoil, polaitiúla agus socheacnamaíocha nach bhfuil neart ag aon ghníomhaíocht GCCA(+) ar leith orthu.

Bíonn cumas tíre chun freagairt d'éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide ag brath freisin ar a cumas chun gníomhaíochtaí iomchuí a dhearadh, a chur chun feidhme agus a mheasúnú. Tá sé rithábhachtach go ndéanfar an t-oiriúnú a phríomhshruthú i mbeartas an rialtais chun pleananna oiriúnaithe náisiúnta, fonáisiúnta agus earnála a cheapadh agus a chur chun feidhme go rathúil. Thairis sin, is féidir leis cuidiú le hacmhainneacht oiriúnaithe fhoriomlán tíre a neartú agus deiseanna a sholáthar ag an am céanna le haghaidh cinní infheistíochta atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de. Rannchuidigh tionscnamh GCCA(+) go mór le leathnú a dhéanamh ar chumas na dtíortha comhpháirtíochta maidir le tionchair a shainaithint, leochaileachtaí a thuiscint, agus ar an gcaoi sin straitéisí oiriúnaithe náisiúnta, fonáisiúnta agus earnálacha a ullmhú a d'fhéadfaí a aistriú ar a seal ina bpleanáil oiriúnaithe náisiúnta agus fhonáisiúnta. Trí thacaíocht a thabhairt do thíortha chun beartais agus gníomhaíochtaí a dhearadh chun a gcuid athléimneachta a mhéadú, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, i leith thionchair an athraithe aeráide, agus trí spreagadh díreach a thabhairt do mhalairtí agus idirghabhálacha domhanda níos láidre, chabhraigh GCCA(+) leis an mbonn a thógáil don ghníomhú ar son na haeráide (lena n-áirítear, mar shampla, na chéad straitéisí náisiúnta um an athrú aeráide agus na chéad Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a ghiniúint) i roinnt LDCanna agus SIDSanna ina bhfuil acmhainní teoranta chun déanamh amhlaidh. I meastóireachtaí tionscadail aonair, aithnítear agus measúnaítear go dearfach an ról seo de chuid GCCA(+), ach ní féidir tionchar foriomlán na tacaíochta sin a thomhas ina iomláine.

Ar deireadh, gné eile atá le cur san áireamh is ea nach raibh ag go leor tíortha na sásraí cearta chun measúnú a dhéanamh ar a gcuid spriocanna oiriúnaithe. Mar a luadh i dTuarascáil 2022⁵ maidir leis an mBearna Oiriúnaithe ó UNEP (lch. 12), tá ról lárnach ag sásraí den sórt sin chun éascaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíocht oiriúnaithe atá níos éifeachtaí le himeacht ama. Ba cheart an ghné sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chumas GCCA(+) chun athléimneacht tíortha i leith éifeachtaí an athraithe aeráide a mhéadú, ós rud é go mbraitheann cláir forbartha freisin ar shásraí faireacháin agus tuairiscithe náisiúnta a bheith ann.

Measann CIE gur raibh fócas leanúnach ann ar thógáil acmhainneachta le linn an dá chéim den chlár mar gheall ar bhaill foirne oilte a bheith ag fágáil, rud a laghdaigh na hacmhainní ar fáil chun gníomhaíochtaí nithiúla rathúla a uas-scálú go córasach⁶. I ndáil leis sin, ba mhaith leis an gCoimisiún a rá mar aguisín go raibh an tógáil acmhainneachta an-ábhartha i gcónaí ó tharla go

⁴ ECFE, 2022. Maoiniú don Aeráid arna Sholáthar agus arna Shlógadh ag Tíortha Forbartha in 2016-2020. Ar fáil ag: Maoiniú don Aeráid arna Sholáthar agus arna Shlógadh ag Tíortha Forbartha in 2016-2020: Léargais ó Anailís Imdhealaithe | en | ECFE.

⁵ <https://www.unep.org/resources/adaptation-gap-report-2022>

⁶ Féach barúlacha CIE: V, 21, 22, 23, agus 70.

bhfuil sé ar cheann de na trí chineál tacaíochta le haghaidh tíortha i mbéal forbartha dá bhforáiltear i gComhaontú Pháras (maoiniú, tógáil acmhainneachta agus aistriú teicneolaíochta). Mar thoradh ar ráta ard athraithe foirne – próiseas nach bhfuil neart ag tionscadail GCCA(+) air – bhí gá le gníomhaíochtaí feabhais, amhail tógáil acmhainneachta leanúnach, chun leibhéal inniúlachta na tíre is tairbhí a choinneáil ard go leor chun leanúint de bheith ag seachadadh dea-thorthaí o thaobh an ghníomhaithe ar son na haeráide. Ina theannta sin, ós rud é go raibh rialtais na dtíortha comhpháirtíochta páirteach go rialta i ndearadh tionscadal, bhí an deis acu a gcuid riachtanas féin a chur isteach i gcróilár na dtionscadal. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuiltear ag freagairt do riachtanais na gcomhpháirtithe nuair a chuimsítear an tógáil acmhainneachta i ndearadh a dtionscadal.

2. Fócas chumhdach geografach thionscadal GCCA(+)

Measann an Coimisiún gur tháinig éagsúlú ar fhócas an tionscnaimh le linn an dara céim (2014-2020).⁷ Bhí bonn cirt le fócas geografach níos leithne GCCA(+) de bharr na n-athruithe i dtimpeallacht an bheartais aeráide idirnáisiúnta. Mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta sa bheartas idirnáisiúnta aeráide, bhí deis ag an gCoimisiún freisin an chaoi ina gcuireann sé tacaíocht ar fáil trí GCCA(+) a atreorú.

Ar an gcéad dul síos, rinne tionscnamh GCCA(+) a raon gníomhaíochta a leathnú de réir a chéile tar éis ghlacadh Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide in 2015 mar chomhaontú iltaobhach forleathan a raibh an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta tiomanta dó. Leis sin agus in éineacht le sprioc ghaolmhar GCCA maidir le hEarraí Poiblí Domhanda agus Dúshláin Phoiblí Dhomhanda chun ‘an t-aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a éascú’, tugtar le fios gur leathnaigh GCCA(+) chuig gníomhaíocht oiriúnaithe agus maolaithe i dtíortha leochaileacha seachas SIDSanna agus LDCanna agus gur thacaigh sé le gealltanais náisiúnta aeráide a bhaint amach amhail Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna) nó Pleananna Náisiúnta um Oiriúnú. Mar shampla, is amhlaidh a bhí an cás sa Bhrasaíl, áit ar baineadh tairbhe as na córais Agraibhia Inbhuanaithe agus as na cláir um Thírdhreacha Inbhuanaithe, ar nithe iad a raibh comhthairbhí láidre oiriúnaithe agus maolaithe mar shaintréithe iontu. Maidir leis an maolú a áireamh i measc na ngníomhaíochtaí incháilithe, cuireadh bonn cirt leis sin ar bhonn na fianaise eolaíche atá ag dul i méid maidir leis an ngá atá le srian a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a luaithe is féidir chun cuidiú le teorainn a chur leis na costais oiriúnaithe a bheidh ann amach anseo agus chomh maith chun cailteanas agus damáiste a sheachaint.

Ar an dara dul síos, ós rud é nach raibh cistiú GCCA(+) in ann na tíortha is lú forbairt uile atá an-leochaileach ó thaobh thionchair an athraithe aeráide a bhaint amach, soiléiríonn an Coimisiún go bhfuil sé sin amhlaidh mar thoradh, i measc nithe eile, ar cheithre chúis shonracha, mar atá:

- a. mar gheall ar an gcistiú teoranta atá ar fáil do GCCA+ tuigeadh gurbh éigean roghanna a dhéanamh maidir le roghnú tíortha, lena n-áirítear maidir le deis agus éifeachtúlacht an mhaoinithe maidir le gníomhú ar son na haeráide i dtíortha sonracha faoi ionstraimí nó faoi chláir eile.
- b. de bhrí gurb amhlaidh gurb annamh a sainaitníodh an t-athrú aeráide mar thosaíocht i gcláir ilbhliantúla (MIPanna) na dtíortha sin, cuireadh teorainn leis an bhféidearthacht ó thaobh cistiú a leithdháileadh ar ghníomhú ar son na haeráide ar an mbealach sin. Tá tosaíochtaí chomhar an Aontais le tíortha comhpháirtíochta le fáil sna MIPanna. Sainaitnítear na tosaíochtaí sin ar bhonn phrionsabal na húinéireachta ag tíortha comhpháirtíochta agus déantar iad a mhionsaothrú tar éis comhairliúcháin fhorleathana

⁷ Féach barúlacha CIE: V, 46 go 49, 71.

agus idirphlé beartais leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear údaráis náisiúnta agus áitiúla, an tsochaí shibhialta, agus deontóirí eile.

- c. ó tharla gurbh ann do thacaíocht leanúnach ó dheontóirí nó cláir réigiúnacha eile, lena n-áirítear comhpháirt idir-ACC de thionscnamh GCCA(+), ní bheadh bonn cirt le cistiú déthaobhach breise GCCA(+), a sholáthar.
- d. i gcásanna áirithe, mar gheall ar éagobhsaíocht pholaitiúil agus institiúideach agus/nó ar chúiseanna slándála, b'éigean comhar AE a dhíriú ar thosaíochtaí eile. Is amhlaidh atá an scéal go háirithe i gcás tíortha leochaileacha nó tíortha ina bhfuil/mbíodh coinbhleachtaí ar siúl amhail an Afganastáin, Éimin, an tSomáil, agus Poblacht na hAfraice Láir, a bhfuil a dtosaíochtaí forbartha dírithe ar riachtanais cúnamh atá níos gearrthearmaí, amhail an atógáil, an téarnamh eacnamaíoch, tógáil na síochána agus an chabhair dhaonnúil.

Ar an tríú dul síos, fuair roinnt tíortha nach bhfuil chomh leochaileach céanna (SIDSanna go príomha) maoiniú breise le linn an dara céim chun cur le gníomhaíochtaí roimhe seo nó reatha d'fhonn rannchuidiú le huas-scálú na dtorthaí a baineadh amach le linn na chéad chéime. Ar an gcaoi sin bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún cuspóirí an dá cholún de chuid GCCA(+), a shaothrú⁸. Ina theannta sin, ba mhaith leis an gCoimisiún a athdhearbhú nach ar bhonn eisiach na n-innéacsanna leochaileachta amháin a roghnaíodh na tíortha dá dtabharfaí tacaíocht ach gur áiríodh critéir eile amhail cáilíocht na hiarrata a rinneadh agus cáilíocht na bhformhuinthe arna ndéanamh ag údaráis ábhartha na tíre ábhartha agus/nó Toscaireacht an Aontais, stádas an idirphlé maidir leis an athrú aeráide idir an tír agus an tAontas; tosca polaitiúla amhail comhar straitéiseach agus/nó comhar treisithe le tíortha áirithe; an ról atá ag an tír i gcaibidlíocht UNFCCC agus tiomantas na tíre do phróisis UNFCCC, agus iarrachtaí chun gealltanais ghaolmhara a chur chun feidhme.

3. Infheictheacht thionscnamh GCCA(+), agus feasacht faoi

Le linn na chéad chéime de thionscnamh GCCA(+), is bunaithe ar an ngréasán den chuid is mó a bhí na gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta. Leis an dara céim de GCCA(+), cuireadh béim níos láidre ar ról ceangailteach na bainistíochta eolais agus na cumarsáide. Ba é an aidhm a bhí ann bonn eolais láidir a chruthú ar thaithí agus ar ionstraimí praiticiúla chun tacú le beartais agus cláir náisiúnta aeráide na dtíortha comhpháirtíochta agus chun iad a fheabhsú; méadú a chur ar an múscailt feasachta, ar chomhroinnt faisnéise, ar líonrú agus ar an infheictheacht ar gach leibhéal.

Maidir leis an méid feasachta atá ag tíortha comhpháirtíochta⁹ ar thionscnamh GCCA(+), ba mhaith leis an gCoimisiún a chur i dtábhacht go mbaineann castacht agus costas le feachtas fadtréimhseach cumarsáide mórsála ilnáisiúnta chun feasacht a mhúscailt ar chlár ar leith, agus ba mhaith leis aird a tharraingt ar mhéid teoranta na cost-éifeachtúlachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an iarracht sin. Mar sin féin, tá an fhor-rochtain a rinne GCCA+ forleathan. Is iomaí tuarascáil agus foilseachán rialta a d'fhoilsigh GCCA(+), chun go mbeifí ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí níos faide i gcéin. Mar shampla, tá 380 foilseachán sábháilte ar stóras *Capacity4dev*¹⁰ agus tá os cionn 100 nuachtlitir curtha ar fáil go rialta trínar aimsíodh líon 5 000 síntiúsóir mar lucht léite. Is stóras críochnúil é an suíomh gréasáin www.gcca.eu den obair atá déanta, faoi mar atá i gcás an chainéil ábhartha *YouTube*¹¹. Tá an fheidhm chéanna le suíomh

⁸ Colún 1: Idirphlé agus comhroinnt eolais a chothú. Colún 2: Tacaíocht theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil do bhearta oiriúnaithe, maolaithe agus laghdaithe riosca tubaistí.

⁹ Féach barúlacha CIE VIII, 45, 54-56, 73.

¹⁰ <https://europa.eu/capacity4dev/gcca-community/documents>

¹¹ <https://www.youtube.com/@GCCACommunity>

gréasáin na comhpháirte idir-ACP de GCCA(+) (www.intraacpgccaplus.org), ar a bhfuil roinn ar leith maidir le bainistiú eolais.

Anuas air sin, d'eagraigh GCCA(+) comhdhálacha domhanda agus réigiúnacha chun taithí a roinnt agus eolas a fhorbairt, go háirithe seach-imeachtaí ag gach seisiún de COP UNFCCC¹². Rinneadh gníomhaíochtaí múscaillte feasachta i dtaobh an tionscnaimh freisin i líon mór fóram, lena n-áirítear comhdhálacha de chuid eagraíochtaí eacnamaíocha idir-ACC nó comhdhálacha réigiúnacha, amhail an ceann i Ruanda in 2019, áit ar eascair ard-infheictheacht sa réigiún i leith an tionscnaimh as an gcomhar leis an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN). Tháinig laghdú ar an treocht sin ó thús phaindéim COVID-19 in 2020.

Bhí an mhúscaillt feasachta mar chuid de roinnt clár GCCA(+) agus chonacthas breis agus 20 feachtas múscaillte feasachta á seoladh i níos mó ná 50 tír le linn shaolré an tionscnaimh. Dá bhrí sin, tá tíortha comhpháirtíochta ina gcuirtear GCCA(+) chun feidhme ar an eolas faoin tionscnamh, agus baineadh úsáid as GCCA(+) chun an t-idirphlé beartais a threisiú le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha. Chomhoibrigh saoráidí tacaíochta GCCA(+) freisin chun imeachtaí a eagrú, agus déanann Saoráid Tacaíochta Domhanda GCCA(+) tagairt do chomhpháirt idir-ACC¹³).

I dtíortha ag a bhfuil buiséad teoranta cumarsáide agus infheictheachta le haghaidh gníomhaíochtaí aonair GCCA(+), tháinig Toscaireachtaí an Aontais, ceanncheathrú an Choimisiúin agus saoráidí GCCA(+) le chéile freisin chun feasacht ar an tionscnamh a mhéadú. Mar shampla, thacaigh Saoráid Tacaíochta GCCA(+) le páirtithe leasmhara i Maenmar straitéis cumarsáide náisiúnta a fhorbairt a chuaigh i bhfeidhm go dearfach ar an athrú aeráide a chomhtháthú sna beartais náisiúnta. Ba leithne for-rochtain na gníomhaíochtaí sin dá mbeifí tar éis sineirgí a bhunú le rialtais náisiúnta/fhonáisiúnta agus le páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le tionscadail GCCA(+), rud nár tharla i ngach cás.

Measann an Coimisiún go bhféadfadh sé gur tharla cailleanas cuimhne institiúidigh mar thoradh ar athrú foirne i dToscaireachtaí an Aontais, i ranna rialtais na dtíortha comhpháirtíochta ábhartha agus in eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus, dá bhrí sin, gur cailleadh feasacht ar GCCA(+), go háirithe i dtíortha nach ndearnadh ach idirghabháil amháin iontu le linn na chéad chéime de GCCA. Ina theannta sin, tá eolas níos fearr ar an tionscnamh ag cleachtóirí gníomhaireachtaí forbartha na mBallstát atá fostaithe sa réimse i gcomparáid leo siúd atá lonnaithe i mbuanionadaíochtaí na Bruiséile.

Mar fhocal scoir, is saincheist chasta í an measúnú ar fheasacht ghinearálta i dtaobh thionscnamh GCCA(+) agus baineann ar a laghad dhá thoisc léi. Ar thaobh amháin, cruthaíonn cineál an chláir dhilárarithe iltíre sin dúshlán ó thaobh tuiscint chomhsheasmhach aonfhoirmeach a bheith ar na faighteoirí ar gníomhaíochtaí an chláir. Ar an taobh eile, is iomaí tionchar feasachta agus infheictheachta nach dtaifeadtar ná nach dtomhaistear ar bhonn comhsheasmhach ar chúiseanna éagsúla (teagmhálacha agus idirghníomhaíochtaí idir daoine nach féidir a chomhaireamh, easpa smachta iomláin ar gníomhaíochtaí fógraíochta trí chainéil oifigiúla na dtíortha comhpháirtíochta, úsáid theoranta na meán sóisialta ag go leor tairbhithe, buiséad teoranta/líon foirne teoranta ag obair i réimse na cumarsáide, athruithe foirne a tharlaíonn go minic, lucht cur chun feidhme gan a bheith ag lua na ndeontóirí, etc.).

¹² Féach mar shampla: <https://www.gcca.eu/multimedia/why-nature-based-solutions-are-crucial-climate-and-resilience-eu-gccacop26-side-event>.

¹³ <https://www.gcca.eu/services/gcca-intra-acp>

III. FREAGRAÍ ÓN COIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1: Fócas orthu siúd is mó dá ndéanann an t-athrú aeráide difear

(Spriocdháta cur chun feidhme: gníomhaíochtaí arna maoiniú ó Eanáir 2024)

Le linn dó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an athrú aeráide a mhaoiniú, ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) táscairí, bonnlínte agus spriocanna a roghnú chun torthaí na ngníomhaíochtaí a thomhas

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin agus cuirfidh sé chun feidhme é faoi chuimsiú Chóras Faireacháin Feidhmíochta na hEorpa Domhanda (GEPMS). Is córas faireacháin feidhmíochta é GEPMS atá bunaithe ar shraith eilimintí modheolaíochta lena n-áirítear: i) táscairí corparáideacha a shainiú a dtugtar cuireadh do na cláir go léir tuairisciú ina leith (Creat Torthaí na hEorpa Domhanda (GERF)) agus a fhoilsítear gach bliain lena n-áirítear tuarascáil maidir le dul chun cinn NDICI – GE, ii) creata loighciúla a úsáid lena gcuid táscairí mar an phríomh-uirlis chun torthaí a thuairisciú, agus iii) croí-tháscairí earnálacha agus téamach a shainmhíniú, ar croí-tháscairí iad ar féidir a roghnú agus a chur ar áireamh i gcreata loighciúla (féach freisin SWD SWD(2022) 22 final). Go praiticiúil, tugtar an córas seo isteach ar fud na heagraíochta faoi láthair trí úsáid a bhaint as córas nua TF (OPSYS) a bheidh le cur i bhfeidhm den chéad uair ó mhí Eanáir 2023.

(b) spriocanna uailmhianacha a shocrú, agus an comhthéacs i ngach tír á chur san áireamh, maidir le cion na mban a bhaineann tairbhe dhíreach as gníomhaíochtaí, agus méadú a chur ar an bhfócas ar na teaghlaigh is boichte

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Maidir leis an sprioc inscne, cuirfidh an Coimisiún chun feidhme í faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne (GAP) 2021-2025. Ceanglaítear le GAP 2021-2025 go mbeidh comhionannas inscne mar chuspóir suntasach nó mar phríomhchuspóir ag sciar 85 % de ghníomhaíochtaí seachtracha nua faoi 2025 (marcóirí G1 agus G2 de réir mharcóir beartais ECFE-DAC maidir le comhionannas inscne) agus go bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir ag 5 % díobh (marcóir G2) ar a laghad. Tá níos mó i gceist leis sin ná a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí ag dul chun tairbhe go díreach do chéatadán áirithe ban. Tá gá le gníomhaíochtaí ag a bhfuil inscne mar chuspóir suntasach (lena mbaineann marcóir G1) chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- Go ndéantar anailís inscne ar an tionscadal/ar an gclár, agus go mbeidh torthaí na hanailíse sin mar bhonn eolais do dhearadh an chláir;
- Go bhfuil toradh nó táscaire amháin ar a laghad bainteach go sonrach le feabhas a chur ar chomhionannas inscne;
- Go ndéantar torthaí/táscairí a imdhealú de réir inscne aon uair is ábhartha;
- Go mbíonn gealltanais ann maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh sa mheastóireacht ar an gclár i ndáil leis na torthaí comhionannais inscne a bhaintear amach leis an gclár.

Tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na ngníomhaíochtaí ag a bhfuil comhionannas inscne mar chuspóir suntasach le 10 mbliana anuas ó glacadh an chéad Phlean Gníomhaíochta AE maidir le

hlinscne. I dTuarascáil 2022 maidir le cur chun feidhme Ionstraimí Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais¹⁴ léirítear go raibh comhionannas inscne mar chuspóir suntasach nó mar phríomhchuspóir ag sciar 70 % de na cláir uile a glacadh in 2021.

Méadófar an fócas ar na teaghlai is boichte faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais/úsáid a bhaint as an marcóir neamhionannais, ag brath ar infhaighteacht sonraí ar leibhéal na tíre.

(c) i gcás gníomhaíochtaí comhleanúnacha, feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir tógáil acmhainneachta agus gníomhaíochtaí eile d'fhonn uas-scálú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nithiúla oiriúnaithe a théann i bhfeidhm ar níos mó daoine dá ndéanann an t-athrú aeráide difear dóibh.

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Níl cumais leordhóthanacha ag gach tír atá i mbéal forbartha chun dul i ngleic le go leor de na dúshláin a eascraíonn as an athrú aeráide, go háirithe i réimse an oiriúnaithe. Dá réir sin, is réamhriachtanas é acmhainneacht institiúideach leordhóthanach a bheith sna tíortha comhpháirtíochta chun gníomhaíochtaí nithiúla oiriúnaithe a chur chun feidhme. Cuirtear an tsaincheist sin i dtábhacht a thuilleadh sna Measúnuithe ar Riachtanais Theicniúla¹⁵, sna NDCanna agus sna Pleananna Náisiúnta um Oiriúnú de chuid na LCDanna agus na SIDanna, agus athdhearbhaítear í sna hiarrataí rialta ar thógáil acmhainneachta agus ar chúnamh teicniúil faoi Shásra Teicneolaíochta UNFCCC¹⁶. Chun an méid sin a léiriú, leagtar béim mhór i gComhaontú Pháras ar thógáil acmhainneachta a bhaineann leis an athrú aeráide i gcomhair tíortha i mbéal forbartha agus iarrtar ann ar thíortha forbartha feabhas a chur ar an tacaíocht do ghníomhaíochtaí tógála acmhainneachta i dtíortha i mbéal forbartha. Dá bhrí sin, beidh tógáil acmhainneachta ina cuid thábhachtach i gcónaí de thacaíocht an Aontais amach anseo i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide. Ag an am céanna, féadfar an sciar den tacaíocht a leithdháiltear ar thógáil acmhainneachta mar chuid de ghníomhaíocht ar leith a choigeartú d'fhonn gníomhaíochtaí oiriúnaithe a uas-scálú, agus cineál na gníomhaíochta féin chomh maith lena raon feidhme geografach, riachtanais na dtairbhíthe, agus na ceachtanna a foghlaimíodh á gcur san áireamh.

2. Moladh 2: Ceachtanna a foghlaimíodh a ionchorprú i dtionscnaimh forbartha dhomhanda a bheidh ann amach anseo

(Spriocdháta cur chun feidhme: tionscnaimh eile arna maoiniú ó Eanáir 2024)

Le linn tionscnaimh dhomhanda forbartha a bhunú amach anseo, ba cheart don Choimisiún ionchorprú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gComhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide, go háirithe an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar na cuspóirí nuair is léir le linn an chur chun feidhme nach bhfuil a dhóthain maoinithe ar fáil

¹⁴Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le cur chun feidhme Ionstraimí Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2021, COM/2022/578 final.

¹⁵ <https://unfccc.int/ttclear/tna>

¹⁶ <https://unfccc.int/ttclear/support/technology-mechanism.html>

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin agus cuirfidh sé an breithniú sin san áireamh, mar is ábhartha le haghaidh Tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa, sa treoraíocht nuashonraithe modheolaíoch le haghaidh Tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa.

(b) cistiú a leithdháileadh go straitéiseach trí chritéir oibiachtúla a chur i bhfeidhm lena gcuirtear san áireamh tacaíocht airgeadais freisin don earnáil chéanna a fhaigheann tíortha comhpháirtíochta ó fhoinsí eile

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin agus cuirfidh sé chun feidhme é a mhéid is féidir faoin gcur chuige geografach de chuid NDICI-GE. Ba mhaith leis an gCoimisiún a thabhairt chun suntais go gcuirfeadh san áireamh a mhéid is féidir na deiseanna atá ann chun dul i mbun sineirgí, agus é sin le deontóirí eile freisin.

(c) anailísiú agus doiciméadú a dhéanamh go córasach ar réasúntacht chostais bhuiséadaithe na gníomhaíochtaí

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Cé go bhfuil córas ar bun chun anailís a dhéanamh ar an gcostas buiséadaithe de chuid gníomhaíochtaí, athneartóidh an Coimisiún an treoraíocht agus na teoracha is infheidhme, go háirithe maidir le doiciméadú an mheasúnaithe seo.

Mar sin féin, cé gur follas go gceanglaítear leis an gcreat rialála nach mór do na costais a bheith réasúnta agus nach mór dóibh prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais a chomhlíonadh chun a bheith incháilithe, cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur i bhfianaise chuspóirí na gníomhaíochta agus na n-imthosca faoina gcuirtear chun feidhme é a bheidh measúnú le déanamh ar chion na gcostas foirne nó na méideanna a leithdháiltear ar ghníomhaíocht amháin.

(d) feasacht ghinearálta ar an tionscnamh a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí cumarsáide lena ndírítear ar thíortha is tairbhíthe agus ar dheontóirí féideartha

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin. Sna treoirlínte nua cumarsáide agus infheictheachta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha 2022, i bprionsabal ní cheadaítear bealaí cumarsáide tionscadalshonracha ná clárshonracha – suíomhanna gréasáin, cuntais ar na meáin shóisialta, nuachtlitracha, etc. – ach amháin má tá bonn cirt sonrath agus láidir ann chun iad a chruthú nó a chothabháil. Déanfar gníomhaíochtaí cumarsáide i dtaobh tionscnaimh shuaitheanta forbartha domhanda a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs cur chuige níos straitéise agus níos dírithe arna gcur chun feidhme faoi NDICI-GE. Leis an gcur chuige sin, a imíonn ó chumarsáid i dtaobh tionscadail aonair atá curtha chun feidhme ag comhpháirtithe go dtí cur chuige níos comhdhlúite arna stiúradh ag Toscaireachtaí an Aontais agus Ceanncheathrú an Choimisiúin, díreofar ar príomhthosaíochtaí an Aontais, go háirithe na tosaíochtaí sin a leagtar amach i straitéis 2021 don Tairseach Dhomhanda. An cur chuige sin, arb é is aidhm dó feasacht, tuiscint agus braistint i leith an Aontais a áirithiú i dtíortha an Aontais agus i dtíortha comhpháirtíochta araon, tá sé i gcomhréir le scála agus raon feidhme ár n-infheistíochta leanúnaí, mar go ndírítear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide polaitiúla sonraibhunnaithe agus ar ghníomhaíochtaí cumarsáide atá dírithe ar an bpobal, agus dearadh iad chun a áirithiú go mbeidh tionchar acu. Dá bhrí sin, déanfar cumarsáid maidir le tionscnaimh dhomhanda shuaitheanta, atá ailínithe leis na príomhthosaíochtaí sin, a ionchorprú sa straitéis chumarsáide níos leithne ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus ar leibhéal na tíre, mar shampla trí úsáid a bhaint as bealaí cumarsáide corparáideacha aitheanta (suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, etc.) agus trí chomhpháirtíochtaí ábhartha a bhunú le príomh-lucht ceaptha tuairimí agus le príomh-lucht imeartha tionchair.